# Dé Luain | Lá a hAon

Na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon

Seachtain Food Dudes

# Gníomhaíocht Ealaíne

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal sóisearach, lá 1. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam ealaíne le haghaidh grúpaí ranga sna Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon.

## Teachtaireacht an Fhíseáin:

Míníonn an físeán le haghaidh an leibhéil shóisearaigh, lá 1 go bhfuil go leor bealaí blasta ann le torthaí agus glasraí a chur i do bhosca lóin.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

Ealaíona: Na hAmharcealaíona > Líníocht > Líníochtaí a dhéanamh

Roghnaigh ceann díobh seo thíos:

Ealaíona: Na hAmharcealaíona > Péint agus dath > Péinteáil

Ealaíona: Na hAmharcealaíona > Fabraic agus snáithín > Cruthú le fabraic agus le snáithín

## Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste...

- ✔ Líníochtaí bunaithe ar a s(h)aol pearsanta nó ar a s(h)aol samhlaíoch a dhéanamh agus tuiscint fhorásach ar choibhneasa spásúlacha a léiriú iontu
- ✔ Triail a bhaint as marcanna, as línte, as cruthanna, as uigeacht agus as toin a dhéanamh le huirlisí éagsúla líníochta ar raon de dhromchlaí
- ✔ Dath a iniúchadh le raon d'ábhair agus de mheáin
- ✔ Fabraicí agus snáithíní éagsúla a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar a gcáilíochtaí tadhaill, amhairc agus spásúlachta
- ✔ An coibhneas idir mothú agus cuma rudaí a fhionnachtain
- ✔ Fabraic agus snáithín a úsáid chun píosaí beaga airgtheacha a dhéanamh
- ✔ A s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

With financial support from the European Union

# Dé Luain | Lá a hAon

Na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon

Seachtain Food Dudes

## Treoirlínte don Mhúinteoir:

**Ag teastáil:**

- Páipéar
- Pinn luaidhe dhaite, Péinteanna, Cailceanna nó aon bhealach eile le dathanna a dhéanamh
- Bataí gliú, Gliú leachtach nó Téip
- Páipéar daite, Páipéar síprise, Cárta, Gealra, Ribín, Téad, Olann chadáis, Réiteoirí píopa, Éadach nó aon soláthairtí ceardaíochta atá ar fáil

**Modh:**

- Pléigh cé na torthaí agus glasraí is maith le do dhaltaí a chur ina mboscaí lóin.
- Iarr ar do dhaltaí pictiúr a tharraingt den toradh nó an glasra is fearr leo a chur ina mbosca lóin.
- Iarr ar do dhaltaí cur síos a dhéanamh ar dhath, uigeacht agus cruth an toraidh nó an ghlasra sin.
- Iarr ar do dhaltaí a bpictiúr a dhathú agus a mhaisiú le raon péinteanna agus/nó soláthairtí ceardaíochta chun pictiúr colláise a chruthú den toradh nó an glasra.
- Ar deireadh, iarr ar gach dalta a bpictiúr a thaispeáint don rang agus cur síos a dhéanamh air, ina measc rudaí ar nós dathanna, cruthanna, uigeachtaí, agus an rud is fearr leo faoina saothar.



An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

With financial support from the European Union